



An  
Bord  
Pleanála

**Beartas maidir le Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí (RGCS)  
Bealtaine 2018**



## 1.0 Clár na nÁbhar

1.0	Clár na nÁbhar.....	2
2.0	Aidhm an Bheartais .....	3
3.0	Prionsabail um chosaint sonraí.....	3
4.0	Dlíthiúlacht na próiseála .....	5
5.0	Coinníollacha maidir le toiliú .....	5
6.0	Eolas pearsanta atá tugtha don Bhord Pleanála .....	7
7.0	Cur síos ar na sonraí a bailíodh.....	8
8.0	Ceartha an duine is ábhar do na sonraí a chosaint .....	9
9.0	Slándáil Sonraí .....	12
10.0	Sárú sonraí .....	14
11.0	Measúnú tionchair chosaint sonraí .....	16
12.0	Sonraí a aistriú lasmuigh den stát.....	17
13.0	Róil .....	17
14.0	Athbhreithniú .....	18

## 2.0 Aidhm an Bheartais

Is ráiteas é an beartas seo ar thiomantas an Bhoird Pleanála do chearta agus príobháideachas daoine aonair a chosaint i gcomhréir leis an Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí (RGCS) 2016. Ní mór don Bhord Pleanála sonraí pearsanta áirithe a phróiseáil (a stóráil nó a úsáid) faoin bhfoireann, faoi chomhaltaí an Bhoird agus faoi pháirtithe leasmhara chun a chuspóir a chomhlíonadh agus chun a dhualgais dhlíthiúla a chomhlíonadh.

Is rialaitheoir sonraí é an Bord Pleanála agus tá sé freagrach as cur i bhfeidhm na reachtaíochta maidir leis na sonraí pearsanta atá ina sheilbh. Ciallaíonn “sonraí pearsanta” aon fhaisnéis a bhaineann le duine nádúrtha saineathanta nó in-sainaitheanta (“ábhar sonraí”); is duine nádúrtha in-sainaitheanta duine ar féidir a shainaitheant, go díreach nó go hindíreach, go háirithe trí thagairt a dhéanamh d'aitheantóir amhail ainm, uimhir aitheantais, sonraí suímh, aitheantóir ar líne nó trí cheann amháin nó níos mó de thosca a bhaineann go sonrach le céannacht fhisiceach, fhiseolaíoch, ghéiniteach, mheabhrach, eacnamaíoch, chultúrtha nó shóisialta an duine nádúrtha sin; Clúdaíonn sé aon fhaisnéis a bhaineann le duine beo inaitheanta.

Is féidir na sonraí seo a choinneáil ar pháipéar nó go leictreonach nó ar mheáin eile agus coinneofar iad de réir oibleagáidí na Rialachán mar atá leagtha amach thíos.

## 3.0 Prionsabail um chosaint sonraí

Comhlíonfaidh an Bord Pleanála a fhreagrachtaí faoin Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí (RGCS) de réir na bprionsabal cosanta sonraí seo a leanas:

### **Maidir le sonraí pearsanta:**

- (a) próiseálfar iad go dleathach, go cothrom agus ar bhealach trédhearcach maidir leis an ábhar sonraí ('dlíthiúlacht, cothroime agus trédhearcacht');
- (b) a bailíodh chun críocha sonraithe, sainráite agus dlisteanacha agus nach ndéantar a thuilleadh próiseála orthu ar bhealach nach bhfuil ag teacht

leis na críocha sin; ní mheasfar go bhfuil próiseáil bhreise chun críocha cartlannaithe ar mhaithe le leas an phobail, chun críocha taighde eolaíoch nó staire nó chun críocha staidrimh a bheith contrártha leis na críocha tosaigh ('teorannú cuspóra');

- (c) leordhóthanach, ábhartha agus teoranta don mhéid is gá maidir leis na críocha sin dá bhfuil siad á bpróiseáil ('íslaghdú sonraí');
- (d) cruinn agus, nuair is gá, coinnithe cothrom le dáta; ní mór gach céim réasúnach a ghlacadh chun a áirithiú go ndéanfar sonraí pearsanta atá míchruinn, ag féachaint do na críocha ar chucu a phróiseáiltear iad, a scriosadh nó a cheartú gan mhoill ('cruinneas');
- (e) a choimeád i bhfoirm a áirithíonn gur féidir daoine is ábhar do na sonraí a shainaithe ar feadh tréimhse nach faide ná mar is gá chun na gcríoch ar chucu a phróiseáiltear na sonraí pearsanta; féadfar sonraí pearsanta a stóráil ar feadh tréimhsí níos faide a mhéid nach bpróiseálfar na sonraí pearsanta ach chun críocha cartlannaithe ar mhaithe le leas an phobail, chun críocha taighde eolaíoch nó staire nó chun críocha staidrimh faoi réir chur chun feidhme na mbeart teicniúil agus eagraíochtúil iomchuí a cheanglaítear leis an Rialachán seo d'fhonn cearta agus saoirsí an duine is ábhar do na sonraí a chosaint ('teorannú stórála');
- (f) a phróiseáil ar bhealach a áirithíonn slándáil iomchuí na sonraí pearsanta, lena n-áirítear cosaint ar phróiseáil neamhúdairithe nó neamhdhleathach agus ar chailteanas, scrios nó damáiste de thaisme, ag baint úsáide as bearta teicniúla nó eagraíochtúla iomchuí ('sláine agus rúndacht').
- (g) Beidh an rialaitheoir freagrach as comhlíonadh agus beidh sé in ann comhlíonadh a léiriú ('cuntasacht').

#### **4.0 Dlíthiúlacht na próiseála**

Ní bheidh próiseáil sonraí pearsanta ag an mBord Pleanála dleathach ach amháin má bhíonn feidhm ag ceann amháin díobh seo a leanas ar a laghad léi agus a mhéid a bhaineann leis:

- (a) go bhfuil toiliú tugtha ag an ábhar sonraí lena shonraí (nó a sonraí) pearsanta a phróiseáil chun críche sonrath amháin nó níos mó;
- (b) go bhfuil próiseáil riachtanach chun Conradh a chomhlíonadh a bhfuil an duine is ábhar do na sonraí ina pháirtí ann nó chun bearta a dhéanamh ar iarratas an duine is ábhar do na sonraí sula ndéanann sé Conradh;
- (c) gur gá próiseáil a dhéanamh chun oibleagáid dhlíthiúil a bhfuil an rialaitheoir faoina réir a chomhlíonadh;
- (d) gur gá próiseáil a dhéanamh chun leasanna ríthábhachtacha an duine is ábhar do na sonraí nó duine nádúrtha eile a chosaint;
- (e) go bhfuil próiseáil riachtanach chun beart a chur i gcrích ar mhaithe le leas an phobail nó i bhfeidhmiú údaráis oifigiúil atá dílsithe san rialaitheoir;
- (f) go bhfuil próiseáil riachtanach chun críocha na leasanna dlisteanacha atá á saothrú ag an rialaitheoir nó ag tríú páirtí, ach amháin i gcás go bhfuil leasanna den sórt sin sáraithe ag leasanna nó cearta bunúsacha agus saoirsí an duine is ábhar do na sonraí a éilíonn cosaint sonraí pearsanta, go háirithe i gcás gur leanbh ábhar na sonraí.
- (g) Ní bheidh feidhm ag pointe (f) maidir le próiseáil a dhéanann údaráis phoiblí i gcomhlíonadh a gcúraimí.

#### **5.0 Coinníollacha maidir le toiliú**

1. I gcás ina mbeidh an phróiseáil bunaithe ar thoiliú, beidh an Bord Pleanála in ann a léiriú gur thoiligh an t-ábhar sonraí a shonraí pearsanta nó a sonraí pearsanta a phróiseáil.
2. Má thugtar toiliú an duine is ábhar do na sonraí i gcomhthéacs dearbhaithe i scríbhinn a bhaineann le hábhair eile freisin, déanfar an t-iarratas ar thoiliú a chur i láthair ar shlí atá so-aitheanta go soiléir ó ábhair eile, i bhfoirm atá

intuigthe agus inrochtana go héasca, agus úsáid á baint as teanga shimplí shoiléir. Ní bheidh aon chuid de dhearbhu den sórt sin a sháraíonn an Rialachán seo ceangailteach.

3. Beidh an ceart ag an duine is ábhar do na sonraí a thoiliú (nó a toiliú) a tharraingt siar tráth ar bith. Ní dhéanfaidh tarraingt siar an toilithe difear do dhlíthiúlacht na próiseála atá bunaithe ar thoiliú sula ndéantar é a tharraingt siar. Sula dtabharfar toiliú, cuirfear an duine is ábhar do na sonraí ar an eolas faoi. Beidh sé chomh héasca tarraingt siar agus toiliú a thabhairt.
4. Agus measúnú á dhéanamh i dtaobh an bhfuil toiliú á thabhairt faoi shaoirse, cuirfear san áireamh go hiomlán an bhfuil, *inter alia*, comhlíonadh conartha, lena n-áirítear go bhfuil seirbhís le soláthar, coinníollach ar thoiliú a thabhairt do próiseáil sonraí pearsanta nó nach bhfuil sé riachtanach chun an Conradh sin a chomhlíonadh.

### **Coinníollacha is infheidhme maidir le toiliú linbh i ndáil le seirbhísí sochaí faisnéise**

1. Maidir le seirbhísí na sochaí faisnéise a thairiscint go díreach do leanbh, beidh próiseáil sonraí pearsanta an linbh dleathach i gcás ina bhfuil an leanbh os cionn 16 bliana d'aois ar a laghad. I gcás go bhfuil an leanbh faoi bhun 16 bliana d'aois, ní bheidh an phróiseáil sin dleathach ach amháin má thugann agus a mhéid a thugann nó a údaraíonn sealbhóir freagrachta tuismitheora an linbh toiliú.
2. Déanfaidh an Bord Pleanála iarrachtaí réasúnacha chun a fhíorú i gcásanna den sórt sin go dtugann nó go n-údaraíonn sealbhóir freagrachta tuismitheora an linbh toiliú, ag cur san áireamh an teicneolaíocht atá ar fáil.

## **6.0 Eolas pearsanta atá tugtha don Bhord Pleanála**

### **Páirtithe maidir le Cás-Obair**

Le cumhachtaí an Achta um Pleanáil agus Forbairt 2000 arna leasú, agus le gach reachtaíocht ghaolmhar eile a chlúdaíonn feidhmeanna reachtúla an Bhoird Pleanála, ní mór don Bhord ainm agus seoladh aon pháirtí, breathnadóra, agóideora nó aon duine eile a dhéanann comhfhreagras leis an mBord Pleanála maidir le cás atá nó a bhí faoi réir próiseála ag an mBord Pleanála.

### **Foireann agus Comhaltaí Boird**

Ar feadh ré fostaíochta an fhostaí, ceanglaítear air/uirthi sonraí a sholáthar mar atá leagtha amach thíos in alt 7 chun críocha Acmhainní Daonna, Airgeadais agus Pinsin agus nuair is cuí foirm dearbhaithe leasa a chomhlánú go bliantúil le linn a théarma (nó a téarma) oifige/fostaíochta.

### **Sainchomhairleoirí**

Ní mór do chomhairleoirí an Bhoird Pleanála sonraí teagmhála pearsanta a sholáthar, foirm dearbhaithe leasa a chomhlánú go bliantúil le linn a théarma (nó a téarma) oifige.

### **Conraitheoirí**

Ceanglaítear ar chonraitheoirí an Bhoird Pleanála teastais imréitigh cánach a sholáthar don eagraíocht, chomh maith le sonraí teagmhála bainisteoirí/pearsanra na cuideachta agus conartha mar shampla; ainmneacha, seoltaí, ríomhphoist, láithreáin ghréasáin, uimhreacha PSP/CBL agus sonraí bainc le haghaidh íocaíochta trí Ríomhaistriú Airgid.

### **Ball den Phobal**

Is féidir le ball den phobal uaireanta faisnéis phearsanta a sholáthar don eagraíocht tríd an suíomh Gréasáin, tríd an bpost, trí ríomhphost nó ar an bhfón.

Is é an Bord Pleanála amháin a úsáideann an fhaisnéis go léir a thugtar dó chun:

- na críocha dá dtugtar é,

- críocha fíoraithe agus anailís staitistiúil, agus
- chun críocha riaracháin.

## **7.0 Cur síos ar na sonraí a bailíodh**

### **Cásobair**

Ainmneacha agus seoltaí na bpáirtithe agus na ngníomhairí, tuairisc ar an bhforbairt bheartaithe agus an seoladh a bhaineann le cásobair faoi fhorálacha na reachtaíochta is infheidhme. Déantar na sonraí seo a phróiseáil trí úsáid a bhaint as córas bainistíochta cásanna. Foilsítear ainmneacha na bpáirtithe ar ár suíomh Gréasáin.

### **Acmhainní Daonna**

Ainm, seoladh, sonraí teagmhála, uimhreacha gutháin agus seoladh ríomhphoist, uimhir PSP, teastas breithe, teastais oideachais, stair fostaíochta, tuarascálacha imréitigh an Gharda Síochána, iarratais ar phoist, tuarascálacha leighis agus radharc súl VDU, sonraí saoire, faisnéis bhreithmheasa agus Bainistíocht Feidhmíochta trí Fhorbairt agus Tacaíocht, saincheisteanna araíonachta, sonraí faoi riachtanais oiliúna nó taifid oiliúna, sonraí teagmhála éigeandála, teastais leighis agus Leasa Shóisialaigh.

### **Pinsean**

Dáta tosaithe na fostaíochta, sonraí cleithiúnacha, faisnéis faoin am a d'oibrigh sa tseirbhís poiblí roimhe sin agus ainm eagraíocht iarfhostóra seirbhíse poiblí más infheidhme.

### **An Rannóg Airgeadais**

Ainm, seoltaí poist agus ríomhphoist, teileafón, ballraíocht ceardchumainn, uimhreacha PSP, sonraí bainc, sainorduithe íocaíochta airgeadais, taifid taistil agus chothaithe, cineál agus uimhir chláraithe an ghluaisteáin, ainmneacha cuideachta/daoine aonair, seoltaí, uimhreacha PSP/CBL agus deimhnithe imréitigh cánach, dáta breithe don phárolla amháin nuair nach gcuirtear aon PSP ar fáil nó nuair a bhíonn luathscor i gceist.



## **Córas ríomhphoist**

- Cuntais ríomhphoist daoine aonair an Bhoird Pleanála.
- Seoltaí ríomhphoist na gcomhfhreagrath.
- Ábhar den sórt a d'fhéadfadh a bheith san áireamh i gcoirp na ríomhphost a fhaightear agus a sheoltar.

## **Córas Clog Flexi**

Ainm foirne, dáta agus amanna clogála isteach agus amach ar an gcóras bainistíochta ama.

## **Córas rialaithe rochtana dorais**

Ainm sealbhóirí cártaí, dáta agus amanna iontrála agus imeachta trí dhoirse rialaithe.

## **TCI**

Tá ceamaraí i bhfeidhm chun críocha slándála. Tá ceamaraí theilifís an chiorcaid iata suite ag an eagraíocht ag na doirse isteach agus amach, ag an bhfáiltiú, sna seomraí comhdhála agus cruinnithe ar urlár na talún, ar bhalcóin an chúigiú hurlár agus sa charrchlós. Tá íomhánna á dtaifeadadh ar mhaithe le coireacht a chosc agus ar mhaithe le do shábháilteacht phearsanta. Tá rochtain ar an ábhar taifeadta teoranta go docht do phearsanra údaraithe.

## **Córas monatóireachta fón**

Ainm na mball foirne, uimhir an tsínte, dáta, am, fad agus uimhir theileafóin gach glao isteach agus amach.

## **8.0 Cearta an duine is ábhar do na sonraí a chosaint**

### **Faisnéis agus cumarsáid thrédhearcach leis an ábhar sonraí**

Soláthróidh an Bord Pleanála freagra ar aon iarratas ar shonraí i dteanga shoiléir shimplí don duine is ábhar do na sonraí laistigh de mhí ar a mhéid. Mura bhfuil an Bord Pleanála in ann déileáil go hiomlán leis an iarratas laistigh de mhí féilire mar gheall ar chastacht nó líon na n-iarratas, féadfar síneadh dhá mhí féilire eile a chur

leis an tréimhse agus má dhéantar amhlaidh míneofar na cúiseanna a bheidh leis an moill.

Má dhéantar an iarratas go leictreonach, cuirfidh an Bord Pleanála an fhaisnéis ar fáil go leictreonach, nuair is féidir. Cuirfidh an Bord Pleanála an t-ábhar sonraí ar an eolas gan mhoill mura bhfuil sé ag déanamh beart maidir leis an iarratas agus faoin gceart atá aige nó aici gearán a dhéanamh leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí.

### **Ceart rochtana ar shonraí pearsanta duine**

Tá an ceart rochtana ag ábhar sonraí ar shonraí pearsanta a bhailigh an Bord Pleanála maidir leis nó léi agus féadfaidh sé nó sí an ceart sin a fheidhmiú go héasca agus ag eatraimh réasúnacha, chun a bheith feasach ar aon phróiseáil agus ar dhlíthiúlacht aon phróiseáil atá á chur i gcrích agus é sin a fhíorú. Tá sé de cheart ag gach ábhar sonraí fios a bheith acu faoi;

- (a) Sonraí teagmhála an Bhoird Pleanála agus an té atá ainmnithe mar Oifigeach Cosanta Sonraí
- (b) Na críocha dá bpróiseáiltear na sonraí pearsanta
- (c) An tréimhse ama ar lena linn a phróiseáiltear na sonraí
- (d) An ceart rochtain a iarraidh ar shonraí pearsanta agus iad a cheartú nó próiseáil a shrianadh
- (e) Aon fhaighteoirí na sonraí pearsanta
- (f) An bhfuil próiseáil na sonraí pearsanta reachtúil nó conarthach
- (g) Má tá uathobriú nó próifiliú i gceist, cad é iarmhairtí na próiseála sin

Ceanglaítear ar rialtóirí sonraí nuair is féidir cianrochtain a sholáthar ar chóras slán ar féidir leis an ábhar sonraí rochtain dhíreach a bheith aige nó aici ar a s(h)onraí pearsanta féin.

Níl an Bord Pleanála in ann faoi láthair cianrochtain a sholáthar chun éascú a dhéanamh ar obair an ábhair sonraí.

### **Ceart go ligfí i ndearmad**

Tá sé de cheart ag an ábhar sonraí scriosadh sonraí pearsanta a bhaineann leis nó léi a fháil gan mhoill mhíchúí agus tá dualgas ar an mBord Pleanála sonraí pearsanta a scriosadh i gcás go bhfuil ceann de na forais seo a leanas i gceist;

- (a) Níl gá leis na sonraí pearsanta a thuilleadh
- (b) Tarraingíonn an t-ábhar sonraí toiliú siar
- (c) Cuireann an t-ábhar sonraí i gcoinne na próiseála
- (d) Próiseáladh na sonraí go mídhleathach
- (e) Nár mhór na sonraí a scriosadh chun oibleagáid dhlíthiúil a chomhlíonadh
- (f) Bailíodh na sonraí ó leanbh faoi bhun 16 bliana d'aois.

Fiú má iarrann an duine is ábhar do na sonraí go ndéanfaí sonraí a scriosadh nó a bhaint, d'fhéadfadh go mbeadh sé riachtanach iad a choinneáil i gcúinsí áirithe mar shampla;

- (a) Chun an ceart chun saoirse cainte agus faisnéise a fheidhmiú
- (b) Chun dualgas dlíthiúil a bhfuil an Bord Pleanála faoina réir a chomhlíonadh
- (c) Le haghaidh tasc a rinneadh ar mhaithe le leas an phobail nó i bhfeidhmiú údaráis oifigiúil nó sláinte phoiblí

### **An ceart chun próiseáil a shrianadh**

Is féidir leis an ábhar sonraí a iarraidh go gcuirfí srian ar phróiseáil a s(h)onraí pearsanta ag an mBord Pleanála ar feadh tréimhse ama, nó go dtí go réitítear an bhuncheist. D'fhéadfadh srian a bheith ar phróiseáil sonraí pearsanta i gcás;

- (a) go gcuirtear in aghaidh cruinneas na sonraí
- (b) go bhfuil an phróiseáil neamhdhleathach
- (c) nach bhfuil na sonraí ag teastáil ón mBord Pleanála a thuilleadh chun críocha na próiseála
- (d) gur chuir an t-ábhar sonraí i gcoinne na próiseála

### **An ceart agóid a dhéanamh**

Tá ábhar sonraí i dteideal agóid a dhéanamh i gcoinne phróiseáil a shonraí nó a sonraí pearsanta bunaithe ar a chás (nó a cás) ar leith.

### **Ceart maidir le hiniomparthacht sonraí**

Tá an t-ábhar sonraí i dteideal cóip a fháil de na sonraí pearsanta a sholáthair sé nó sí don Bhord Pleanála i bhformáid struchtúrach, a úsáidtear go coitianta, atá inléite ag meaisín agus atá idir-inoibritheach. Tarchuirfidh an Bord Pleanála na sonraí ar iarratas ón ábhar sonraí, chuig rialtóir sonraí eile.

### **Ceartha maidir le próifiliú agus cinnteoireacht uathoibríthe**

Is éard is próifiliú ann ná próiseáil sonraí uathoibríthe ar féidir a úsáid chun cineálacha iompair agus roghanna daoine áirithe faoi leith a mheas agus a thuar. Ní phróiseálann an Bord Pleanála sonraí pearsanta le haghaidh próifílithe.

Maidir le sonraí pearsanta a fhaigheann an Bord Pleanála ní phróiseáiltear iad ar mhaithe le margú díreach.

## **9.0 Slándáil Sonraí**

### **Nochtadh faisnéise**

De réir Chód Iompair an Bhoird Pleanála do chomhaltaí Boird, d'fhostaithe agus do dhaoine áirithe eile, tá sé de dhualgas ar chomhaltaí an Bhoird, ar bhaill foirne agus ar chomhairleoirí gan aon fhaisnéis a nochtadh a fhaightear le linn dóibh a bheith i mbun, nó mar thoradh ar chomhlíonadh, aon ghníomhaíochtaí thar ceann an Bhoird Pleanála. Ceadáitear faisnéis a nochtadh d'airí rialtais, d'údaráis rialála, do ghníomhaireachtaí eile a bhfuil comhaontuithe rúndachta cómhalartacha iomchuí ag an mBord Pleanála leo, nó do pháirtithe a bhfuil ceanglas dlisteanach ann faisnéis a roinnt leo sna himthosca dá bhforáiltear faoi Threoir AE 95/46 (arna leasú).

Mar chuid de théarmaí an chonartha fostaíochta nó rannpháirtíochta, síníonn comhaltaí Boird, baill foirne agus comhairleoirí gealltanais rúndachta mar choinníoll ceapacháin.

Tá bearta teicniúla agus eagraíochtúla cuí curtha i bhfeidhm ag an mBord Pleanála chun leibhéal slándála a áirithiú atá oiriúnach don riosca a bhaineann le dóchúlacht

agus leibhéil éagsúla déine do chearta agus do shaoirsí daoine nádúrtha, lena n-áirítear

- (a) Ainmneacha bréige a úsáid mar aon le criptiú sonraí pearsanta,
- (b) An cumas chun rúndacht, sláine, infhaighteacht agus athléimneacht leanúnach na gcóras agus na seirbhísí próiseála a áirithiú,
- (c) An cumas chun infhaighteacht agus rochtain ar shonraí pearsanta a athbhunú go tráthúil i gcás go dtarlaíonn teagmhas fisiceach nó teicniúil,
- (d) Próiseas chun tástáil, measúnú agus luacháil rialta a dhéanamh ar éifeachtach na mbeart teicniúil agus eagraíochtúil chun slándáil na próiseála a chinntiú.

Tá leibhéal cuí slándála ag an mBord Pleanála chun sonraí agus faisnéis inaitheanta phearsanta a chosaint ó scrios, cailteanas, athrú, nochtadh neamhúdraithe nó rochtain ar shonraí pearsanta arna dtarchur, arna stóráil nó arna bpróiseáil ar bhealach eile, de thaisme nó go neamhdhleathach. Go háirithe, déanann an Bord Pleanála a dhícheall a chinntiú go bhfuil gach dualgas rúndachta iomchuí agus bearta slándála teicniúla agus eagraíochtúla i bhfeidhm chun aon nochtadh nó próiseáil neamhúdraithe nó neamhdhleathach a chosc maidir le faisnéis agus le sonraí den sórt sin agus ar chailteanas nó scrios de thaisme nó damáiste don fhaisnéis nó do na sonraí sin. Ní thugtar rochtain ach d'fhoireann údraithe an Bhoird Pleanála ar fhaisnéis inaitheanta phearsanta agus ceanglaítear ar na fostaithe sin rúndacht aon sonraí a bhfuil rochtain acu orthu a choinneáil.

### **Gnéithe criptithe chun sonraí pearsanta a chosaint**

Cosnaítear comhaid sonraí íogaire/phearsanta trí leibhéil éagsúla ceada a shannadh bunaithe ar ghrúpáil rannóg laistigh den Eolaire Gníomhach. Tá rochtain ag baill teoranta den fhoireann Acmhainní Daonna ar chomhaid agus ar fhillteáin sonraí pearsanta.

Bíonn criptiú iomlán ar gach ríomhaire glúine agus diosca hibrídeach a úsáidtear. Ní gnách ríomhairí deisce a chriptiú má bhíonn siad laistigh de phríomhoifig an Bhoird Pleanála agus go bhfuil siad doghluaiste.

Tá criptiú ríomhphoist cumraithe laistigh de Microsoft Office 365 agus féadfaidh an t-úsáideoir deiridh gach ríomhphost aonair a chriptiú sula seachadtar chuig an bhfaighteoir é.

Bíonn gach tiomántán crua seachtrach agus gach diosca inbhainte criptithe go hiomlán.

Criptítear na sonraí uile a bhaineann leis an líonra agus leis an néal nuair a bhíonn siad á stóráil agus á seoladh.

### **Cumarsáid Leictreonach**

Cuireann an Bord Pleanála áiseanna ríomhphoist, idirlín agus inlín ar fáil. Chun cosaint a dhéanamh ar na contúirtí a bhaineann le húsáid ríomhphoist agus idirlín, tá bogearraí scagtha curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar úsáid ríomhphoist agus gréasáin.

### **Rochtain ar TFC**

Ní thugtar rochtain d'úsáideoirí ach ar chórais faisnéise, ar sheirbhísí agus ar líonraí atá riachtanach chun freagrachtaí a róil nó a bhfeidhme a chomhlíonadh. Ní mór do gach úsáideoir meas cuí a léiriú ar phríobháideacht agus ar rúndacht na gcóras faisnéise agus an ghréasáin a bhfuil rochtain acu orthu agus ar na sonraí pearsanta a phróiseálann na córais nó na líonraí sin agus iad a chosaint. Diúltaítear rochtain a thabhairt d'úsáideoirí ar chórais a bhaineann leis an ról a bhí acu cheana nuair a athraíonn a ról agus a bhfreagracht laistigh den eagraíocht.

## **10.0 Sárú sonraí**

1. I gcás sárú ar shonraí pearsanta, tabharfaidh an Bord Pleanála, nuair is féidir, agus tráth nach déanaí ná 72 uair an chloig tar éis dó teacht ar an eolas faoi, fógra don Choimisiún um Chosaint Sonraí maidir le sárú sonraí pearsanta mura rud é nach dócha go dtiocfaidh riosca do chearta ná do shaoirsí daoine nádúrtha de thoradh an tsáraithe. I gcás nach dtabharfar fógra don Choimisiún

- laistigh de 72 uair an chloig, ní mór na cúiseanna a bhí leis an mhoill a sheoladh in éineacht leis.
2. Tabharfaidh an próiseálaí fógra don Bhord Pleanála gan mhoill mhíchúí tar éis dó nó di a fháil amach faoin shárú sonraí pearsanta.
  3. Sa bhfógra dá dtagraítear in alt 1 beidh na nithe seo a leanas ar a laghad ann:
    - (a) tuairisc ar chineál an tsáraithe ar shonraí pearsanta lena n-áirítear, nuair is féidir, na catagóirí agus neaslíon na ndaoine is ábhar do na sonraí lena mbaineann agus na catagóirí agus neaslíon na dtaifead sonraí pearsanta lena mbaineann;
    - (b) ainm agus sonraí teagmhála an oifigigh cosanta sonraí nó pointe teagmhála eile inar féidir tuilleadh faisnéise a fháil;
    - (c) cur síos ar iarmhairtí dóchúla an tsáraithe ar shonraí pearsanta;
    - (d) cur síos ar na bearta atá glactha nó beartaithe ag an mBord Pleanála chun aghaidh a thabhairt ar shárú na sonraí pearsanta, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchúí, bearta chun a éifeachtaí díobhálacha féideartha a mhaolú.
  4. Más rud é, agus a mhéid nach féidir an fhaisnéis a sholáthar ag an am céanna, féadfar an fhaisnéis a sholáthar i gcéimeanna gan aon mhoill mhíchúí.
  5. Déanfaidh an Bord Pleanála aon sárúithe ar shonraí pearsanta a dhoiciméadú, agus is éard a bheidh iontu na fíorais a bhaineann leis an sárú ar shonraí pearsanta, a éifeachtaí agus an beart leasúcháin a rinneadh.

### **Sárú sonraí pearsanta a chur in iúl don duine is ábhar do na sonraí**

1. Nuair is dócha go mbeidh riosca ard do chearta agus saoirsí daoine nádúrtha mar thoradh ar shárú sonraí pearsanta, cuirfidh an Bord Pleanála an sárú sonraí pearsanta in iúl don duine is ábhar do na sonraí gan mhoill mhíchúí.
2. Sa teachtaireacht chuig an duine is ábhar do na sonraí déanfar cur síos i dteanga shoiléir shimplí ar nádúr an tsáraithe ar shonraí pearsanta agus áireofar ar a laghad ann an fhaisnéis agus na bearta dá dtagraítear i bpointe (b), i bpointe (c) agus i bpointe (d) thuas.
3. Ní bheidh gá leis an gcumarsáid chuig an duine is ábhar do na sonraí dá dtagraítear i mír 1 má chomhlíonadh aon cheann de na coinníollacha seo a leanas:
  - (a) Go bhfuil bearta cosanta teicniúla agus eagraíochtúla cuí, mar shampla criptiú, curtha i bhfeidhm ag an mBord Pleanála, agus gur cuireadh na

- bearta sin i bhfeidhm ar na sonraí pearsanta a raibh tionchar ag an sárú sonraí pearsanta orthu;
- (b) Go bhfuil bearta glactha ag an mBord Pleanála ina dhiaidh sin a chinntíonn nach dócha go mbeidh an riosca ard ann a thuilleadh;
  - (c) gur iarracht dhíríreach a bheadh i gceist leis. I gcás den sórt sin, ina ionad sin, beidh cumarsáid phoiblí nó a leithéid ann trína gcuirfear na daoine is ábhar do na sonraí ar an eolas ar bhealach atá chomh héifeachtach céanna.
4. Mura bhfuil an sárú sonraí pearsanta curtha in iúl ag an mBord Pleanála don duine is ábhar do na sonraí cheana féin, féadfaidh an Coimisiún, tar éis dóibh an dóchúlacht a mheas go mbeidh riosca ard mar thoradh ag an sárú sonraí pearsanta, féadfaidh siad a cheangal ar an mBord déanamh amhlaidh nó féadfaidh siad cinneadh a dhéanamh go ndéanfar aon cheann de na coinníollacha dá dtagraítear in alt 3 a chomhlíonadh.

## **11.0 Measúnú tionchair chosaint sonraí**

1. Má mheastar go mbeidh riosca ard ann maidir le cearta agus saoirsí daoine nádúrtha go háirithe de thoradh an chineáil próiseála nua a úsáideann teicneolaíochtaí nua, agus cineál, raon feidhme, comhthéacs agus críocha na próiseála á gcur san áireamh, déanfaidh an Bord Pleanála measúnú roimh ré ar an tionchar a bheidh ag an obair phróiseála atá beartaithe ar chosaint sonraí pearsanta.
2. Iarrfaidh an Bord Pleanála comhairle ar an oifigeach cosanta sonraí agus ar an gCoimisiún nuair a bheidh measúnú tionchair á dhéanamh aige ar chosaint sonraí.
3. Beidh gá le measúnú tionchair ar chosaint sonraí mar shampla:
  - (a) nuair a dhéantar meastóireacht chórasach, fhairsing ar ghnéithe pearsanta a bhaineann le daoine nádúrtha atá bunaithe ar phróiseáil uathoibríthe, lena n-áirítear próifiliú, agus ar a bhfuil cinntí bunaithe a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla acu maidir leis an duine nádúrtha nó a dhéanann difear suntasach don duine nádúrtha;
  - (b) nuair a dhéantar próiseáil ar scála mór ar chatagóirí speisialta sonraí



- (c) nuair a dhéantar monatóireacht chórasach ar limistéar atá inrochtana don phobal ar scála mór.

## 12.0 Sonraí a aistriú lasmuigh den stát

Más gá don Bhord Pleanála sonraí pearsanta a aistriú le linn gnó chuig eagraíochtaí soláthraithe seirbhíse tríú páirtí eile lasmuigh d'Éirinn nach bhfuil dlíthe cosanta sonraí acu atá in-chomparáide lena bhfuil againn in Éirinn, más gá é sin agus nuair is gá é tabharfaidh an chuideachta tríú páirtí dearbhuithe don Bhord Pleanála go bhfuil an leibhéal cosanta céanna ag na sonraí agus atá laistigh den Stát. Ní tharchuirfidh an Bord Pleanála ach chuig cuideachtaí a aontaíonn an leibhéal cosanta sin a ráthú. Le haghaidh tuilleadh faisnéise, déan teagmháil leis an Rialaitheoir Sonraí le do thoil.

## 13.0 Róil

<b>Rialaitheoir Sonraí:</b>	An Bord Pleanála, 64 Sráid Mhaoilbhríde, Baile Átha Cliath 1 Teil: 01 8588100 R-phost: <a href="mailto:dataprotection@pleanala.ie">dataprotection@pleanala.ie</a>
<b>Oifigeach Cosanta Sonraí:</b>	Ellen Morrín, Oifigeach Sinsearach Riaracháin R-phost: <a href="mailto:dataprotection@pleanala.ie">dataprotection@pleanala.ie</a>
<b>Oifigeach um Chomhlíonadh:</b>	Príomhoifigeach

Tosaíonn Cosaint Sonraí ag an leibhéal bainistíochta agus is ar an bPríomhoifigeach atá an fhreagracht iomlán as beartas éifeachtach um chosaint sonraí a chinntiú. Is ar an Lucht Bainistíochta Sinsearach atá an dualgas laethúil cosaint sonraí a chinntiú. Tá an fhoireann agus an lucht bainistíochta freagrach as a chinntiú go gcloítear le prionsabail maidir le cosaint sonraí.

## **14.0 Athbhreithniú**

Déanfar athbhreithniú ar an mbeartas seo de réir mar is gá ag féachaint d'aon fhorbairtí reachtaíochta nó ábhartha eile a bhaineann le cosaint sonraí.

## Aguisín 1: Sainmhínte agus Tagairtí

<b>sonraí bithmhéadracha</b>	ciallaíonn siad sin sonraí pearsanta a eascraíonn as próiseáil theicniúil shonrach a bhaineann le tréithe fisiceacha, fiseolaíocha nó iompraíochta duine nádúrtha, a cheadaíonn nó a dheimhníonn sainathint uathúil an duine nádúrtha sin, amhail íomhánna aghaidhe nó sonraí dachtalascópacha;
<b>toiliú</b>	ciallaíonn toiliú an duine is ábhar do na sonraí aon léiriú sonrach, eolasach agus gan débhrí ar bith ar mhianta an duine is ábhar do na sonraí trína dtugann an té sin le fios trí ráiteas nó trí bheart soiléir go n-aontaíonn sé nó sí le próiseáil sonraí pearsanta a bhaineann leis nó léi;
<b>rialtóir</b>	ciallaíonn sé sin an duine nádúrtha nó dlítheanach, an t-údarás poiblí, an ghníomhaireacht nó an comhlacht eile a chinneann, ina aonar nó i gcomhpháirt le daoine eile, críocha agus modhanna próiseála sonraí pearsanta; i gcás ina gcinntear críocha agus modhanna na próiseála sin le dlí an Aontais nó le dlí Ballstáit, féadfar foráil a dhéanamh don rialaitheoir nó do na critéir shonracha chun é a ainmniú le dlí an Aontais nó le dlí an Bhallstáit;
<b>sonraí a bhaineann le sláinte</b>	ciallaíonn sonraí pearsanta a bhaineann le sláinte fhisiciúil nó mheabhrach duine nádúrtha, lena n-áirítear soláthar seirbhísí cúraim sláinte, a nochtann faisnéis faoina stádas sláinte;
<b>sonraí géiniteacha</b>	ciallaíonn siad sonraí pearsanta a bhaineann le tréithe géiniteacha duine nádúrtha a fuarthas le hoidhreacht nó a fuarthas ar bhealach eile agus a thugann faisnéis uathúil faoi fhiseolaíocht nó faoi shláinte an duine nádúrtha sin agus a

eascraíonn, go háirithe, as anailís ar shampla bitheolaíoch ón duine nádúrtha i dtrácht;

**córas comhdúcháin**

ciallaíonn sé sin aon tacar struchtúraithe sonraí pearsanta a bhfuil rochtain air de réir critéar sonrach, bídis láraithe, díláraithe nó scaipthe ar bhonn feidhme nó go tíreolaíoch;

**sonraí pearsanta**

ciallaíonn sé aon fhaisnéis a bhaineann le duine nádúrtha sainaitheanta nó inaitheanta ('ábhar sonraí'); is ionann duine nádúrtha inaitheanta agus duine is féidir a shainaitheant, go díreach nó go hindíreach, go háirithe trí thagairt a dhéanamh d'aitheantóir amhail ainm, uimhir aitheantais, sonraí suímh, aitheantóir ar líne nó toisc amháin nó níos mó a bhaineann go sonrach le céannacht fhisiceach, fhiseolaíoch, ghéiniteach, mheabhrach, eacnamaíoch, chultúrtha nó shóisialta an duine nádúrtha sin;

**sárú sonraí pearsanta**

ciallaíonn sé sárú slándála as a dtiocfaidh scrios de thaisme nó go neamhdhleathach, cailleadh, athrú, nochtadh neamhúdairithe nó rochtain ar shonraí pearsanta arna dtarchur, arna stóráil nó arna bpróiseáil ar bhealach eile;

**próiseáil**

ciallaíonn sé aon oibríocht nó sraith oibríochtaí a dhéantar ar shonraí pearsanta nó ar thacair sonraí pearsanta, cibé acu trí mhodhanna uathoibrithe nó nach ea, amhail bailiú, taifeadadh, eagrú, struchtúrú, stóráil, oiriúnú nó athrú, aisghabháil, comhairliúchán, úsáid, nochtadh trí tharchur, scaipeadh nó trí chur ar fáil ar shlí eile, ailíniú nó comhcheangal, srianadh, glanadh nó scriosadh;

**próifíliú**

ciallaíonn sé sin aon chineál próiseála uathoibrithe ar shonraí pearsanta trína n-úsáidtear sonraí pearsanta chun gnéithe pearsanta áirithe a bhaineann le duine nádúrtha a mheas, go

háirithe chun gnéithe a bhaineann le feidhmíocht an duine nádúrtha sin ag an obair, a staid eacnamaíoch, sláinte, roghanna pearsanta, ábhair spéise, iontaofacht, iompar, an áit ina bhfuil sé nó sí, nó gluaiseachtaí a anailísiú nó a thuar;

**bréagainmniú**

ciallaíonn sé seo próiseáil sonraí pearsanta ar bhealach nach féidir na sonraí pearsanta a chur i leith ábhar sonraí faoi leith a thuilleadh gan faisnéis bhreise a úsáid, ar choinníoll go gcoimeádtar faisnéis bhreise den sórt sin ar leithligh agus go bhfuil sí faoi réir bearta teicniúla agus eagraíochtúla chun a áirithiú nach bhfuil na sonraí pearsanta curtha i leith duine nádúrtha sainaitheanta nó inaitheanta;

**próiseáil a shrianadh**

ciallaíonn sé sonraí pearsanta stóráilte a mharcáil d'fhonn teorainn a chur lena bpróiseáil sa todhchaí;

**próiseálaí**

ciallaíonn sé duine nádúrtha nó dlítheanach, údarás poiblí, gníomhaireacht nó comhlacht eile a phróiseálann sonraí pearsanta thar ceann an rialaitheora;

**faighteoir**

ciallaíonn sé duine nádúrtha nó dlítheanach, údarás poiblí, gníomhaireacht nó comhlacht eile, dá nochtar na sonraí pearsanta, bíodh siad ina dtríú páirtí nó ná bíodh. Maidir le húdaráis poiblí a fhéadfaidh sonraí pearsanta a fháil faoi chuimsiú fiosrúchán ar leith i gcomhréir le dlí an Aontais nó le dlí an Bhallstáit, ní mheasfar gur faighteoirí iad; comhlíonfaidh an phróiseáil a dhéanfaidh na húdaráis poiblí sin ar na sonraí sin na rialacha is infheidhme maidir le cosaint sonraí de réir na gcríoch atá leis an bpróiseáil;

**Tagairtí:**

- An Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí 2016
- Cód Iompraíochta an Bhoird Pleanála do chomhaltaí agus d'fhostaithe an Bhoird
- Beartas An Bhoird Pleanála maidir le TCI /svaidhpchártaí
- Beartas An Bhoird Pleanála maidir le Bogearraí Teileafóin
- Beartas An Bhoird Pleanála maidir le Coinneáil Acmhainní Daonna
- Beartas An Bhoird Pleanála maidir le hÚsáid Inghlactha TFC
- Beartas An Bhoird Pleanála maidir le hÚsáid Teicneolaíochta
- Beartas An Bhoird Pleanála maidir le Rialú Rochtana